# Ceistiú a dhéanamh níos éifeachta

Le linn duit a bheith ag pleanáil ceistiú níos éifeachtaí tá sé ina chúnamh díriú ar **cén fáth** a bhfuil tú ag cur na ceiste sa chéad dul síos. Léiríonn an tábla thíos roinnt den iomad cuspóirí atá le ceisteanna a chur sa seomra ranga.

| Cuspóir na ceiste | Samplaí |
|---|---|
| Chun scoláirí a spreagadh le machnamh ar a dtuiscint ar choincheapa. | • Cad é an smaoineamh is tábhachtaí ó phlé an lae inniu?<br>• An féidir leat an coincheap a mhíniú i do chuid focal féin?<br>• In áit 'an dtuigeann tú? Abair 'Tabhair sampla dom chun go mbeidh a fhios agam go dtuigeann tú'. |
| Chun a iarraidh ar scoláire ráiteas doiléir a shoiléiriú | • An ndéarfaidh tú beagán níos mó ar an bpointe sin?<br>• An dtabharfaidh tú tuilleadh mínithe? |
| Chun scoláirí a spreagadh chun tuairimí, luachanna agus mothúcháin a fhiosrú | • Cad iad na luachanna nó na tuairimí a thacaíonn leis an argóint seo?<br>• Cad é a raibh tionchar aige ar an rud a mhothaíonn tú/ a chreideann tú faoin topaic? |
| Chun scoláirí a spreagadh chun coincheap a fheiceáil ó dhearcadh eile | • Cad é an dearcadh ar an gceist seo, dar leat, a bheidh ag daoine nach n- aontaíonn tú leo?<br>• Samhlaigh conas a d'fhéadfadh sé sin feidhmiú i gcás eile nó le fadhb eile? |
| Chun scoláirí a spreagadh chun tacú lena ndearbhuithe agus a léirmhínithe | • Conas atá sé sin ar eolas agat?<br>• Cad é a thug ort teacht ar an gcinneadh sin?<br>• Cá bhfuil an fhianaise? An bhfuil sí iontaofa? |
| Chun scoláirí a spreagadh chun freagairt dá chéile | • Cad é an bharúil atá agat ar an smaoineamh a nocht do pháirtí ranga?<br>• An aontaíonn tú leis nó an bhfuil dearcadh eile agat ar an gceist? Mínigh. |
| Chun cur le smaointeoireacht scoláirí agus í a dhoimhniú | • Cad iad na tuiscintí is cúis le do smaointeoireacht?<br>• Cad é/cé a raibh tionchar aige ar do smaointeoireacht? |
| Chun a iarraidh ar scoláirí na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar | • Cad é a tharlódh dá...<br>• Cad iad roinnt de na hiarmhairtí is féidir a bheith le...?<br>• Cad é an toradh a bheadh ann dá n-úsáidfí tacar eile toimhdí chun an turgnamh seo a chur ar bun? |
| Chun scoláirí a spreagadh chun eolas a nascadh agus a eagrú | • Conas a shoiléiríonn sé sin an coincheap a ndearna muid staidéar air an tseachtain seo chuaigh thart?<br>• An féidir leat graf nó tábla a fhorbairt a eagraíonn an t-eolas seo ar bhealach cuidiúil? |
| Chun a iarraidh ar scoláirí prionsabal nó foirmle a chur i bhfeidhm | • Conas a chuirtear an prionsabal seo i bhfeidhm sa chás seo?<br>• An bhfuil barúil ag aon duine conas a d'úsáidfimis an fhoirmle nua seo chun an fhadhb a fhuascailt a rinne muid a iniúchadh ar ball? |
| Chun a iarraidh ar scoláirí coincheap a léiriú le sampla | • An féidir leat smaoineamh ar shampla de sin, bunaithe ar do thaithí féin?<br>• An féidir leat mír ar leith den úrscéal a lua a léiríonn an téama seo?<br>• An féidir leat pictiúr nó dearadh a roghnú atá ina eiseamláir ar an smaoineamh sin?Can you identify a painting or design that exemplifies that idea? |

*NCCA Effective Questioning Toolkit, Page 7*